An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021

## Seimineáir Faisnéise

Iúil 2022

# Fáilte, Taifead & Ceisteanna

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021
Seimineáir Faisnéise

- **Taifead** le déanamh ar na Cuir i Láthair
- **Ceisteanna Réamhsheolta**:
  - Príomhchinn ghinearálta cuimsithe sna Cuir i Láthair
  - Cáipéis 'Ceisteanna Coitianta' á réiteach
- **Ceisteanna le linn an tSeimineáir**:
  - Seol chugainn iad mar theachtaireacht san áis chomhrá i Microsoft Teams
  - Tiocfar chucu ag deireadh na gCur i Láthair
- **Ceisteanna tar éis an tSeimineáir**:
  - Iad a sheoladh chugainn ar rphost:
    - An Roinn: ATO@tcagsm.gov.ie
    - Oifig an Choimisinéara Teanga: eolas@coimisineir.ie
- Cáipéis '**Ceisteanna Coitianta**' á réiteach ag an Roinn & Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT):
  - Le heisiúint chuig na rannpháirtithe go gairid tar éis na seimineár
  - Le huaslódáil ar shuíomh na Roinne & OCT

# Ábhar le Clúdach

- Cúlra & Comhthéacs
- Cuspóirí & Spriocdhátaí
- Ról na Roinne
- Príomhcheisteanna
- Na Céad Céimeanna eile

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021
Seimineáir Faisnéise

Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media


# Cúlra & Comhthéacs

# Cúlra an Achta (Leasú) 2021


- **Bunreacht na hÉireann**
- **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**:
    - Príomhaidhm: go gcuirtear feabhas ar sholáthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge
- **Na Rialacháin um ATO 2003 (Alt 9), 2008**:
    - Úsáid na Gaeilge amháin nó Gaeilge & Béarla le chéile:
        - i bhfógairtí taifeadta béil
        - ar stáiseanóireacht
        - ar chomharthaí

# Comhthéacs Polasaí

- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 (S20)
- An Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022 (PG5)
- Acht na Gaeltachta 2012
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022
- Tionscadal Éireann 2040
- Clár Rialtais



# S20 – Creat UNESCO



# Acht na Gaeltachta 2012

- **An Próiseas Pleanála Teanga**:
    - Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta
    - Bailte Seirbhíse Gaeltachta
    - Líonraí Gaeilge


- Ról Údarás na Gaeltachta & Foras na Gaeilge

# Acht na Gaeltachta 2012

- **Céard é Pleanáil Teanga?**
  - Dul i bhfeidhm ar iompar phobal teanga ar leith i sochaí ilteangach
  - Dul i ngleic le haistriú teanga
  - Pobal-bhunaithe
  - Comhtháite: teaghlach, láthair oibre, saol sóisialta, córas oideachais, meán

# An Próiseas Pleanála Teanga

26 Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta
(Ceantair Imeallacha go príomha)



# An Próiseas Pleanála Teanga

- **Bailte Seirbhíse Gaeltachta**:
  - **Dún na nGall**: Leitir Ceanainn, An Clochán Liath & Baile Dhún na nGall
  - **Maigh Eo**: Béal an Mhuirthead, Baile an Róba & Caisleán an Bharraigh
  - **Gaillimh**: Cathair na Gaillimhe & An Clochán
  - **Ciarraí**: Daingean Uí Chúis, Trá Lí & Cathair Saidhbhín
  - **Corcaigh**: Cathair Chorcaí & Maigh Chromtha
  - **Port Láirge**: Dún Garbhán
  - **An Mhí**: Baile Átha Buí & An Uaimh

# An Próiseas Pleanála Teanga

- **Líonraí Gaeilge**:
  - **Gaillimh**: Baile Loch Riach
  - **An Clár**: Inis
  - **Baile Átha Cliath**: Cluain Dolcáin

# An Próiseas Pleanála Teanga

- **Dul chun cinn**:
  - **Pleananna Ceadaithe**:
    - Limistéir Pleanála Teanga: 26/26
    - Bailte Seirbhísí Gaeltachta: 5/16
    - Líonraí Gaeilge: 3/3
  - **Foireann Fostaithe**:
    - Oifigeach Pleanála Teanga: 20
    - Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga: 4

An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Cuspóirí & Spriocdhátaí

# Cuspóirí an Achta

- Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a neartú
- Soláthar seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a mhéadú & a fheabhsú
- Líon na gcainteoirí Gaeilge a earcófar chuig an tseirbhís phoiblí a mhéadú
- Seirbhísí Poiblí ar fad sa Ghaeltacht & don Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge
- Gach oifig phoiblí lonnaithe sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge

# Spriocdhátaí Sonracha

| Spriocdhátaí | Foráil | Staid Reatha |
|---|---|---|
| **31/12/2030** | 20% d'earcaigh nua don tseirbhís phoiblí inniúil i nGaeilge | Ar lean |
| **21/06/2022** | Bunú an Choiste Chomhairligh um Sheirbhísí Gaeilge | Déanta ó 20/06/2022 |
| **19/06/2024** | Plean Náisiúnta maidir le soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge a mhéadú le foilsiú | Ar lean |
| **Le socrú** | Gach seirbhís phoiblí sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge | Spriocdháta le socrú ag an Aire laistigh de 3 mhí ó fhoilsiú an Phlean Náisiúnta |
| **Le socrú** | Gach oifig phoiblí sna Limistéir Pleanála Teanga ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge | Spriocdháta le socrú ag an Aire laistigh de 3 mhí ó fhoilsiú an Phlean Náisiúnta |
| **10/10/2022** | 20% ar a laghad d'fhógraíocht bhliantúil i nGaeilge & 5% de bhuiséad fógraíochta caite ar fhógraíocht Ghaeilge sna meáin Ghaeilge | Ordú le síniú ag an Aire 03/10/2022 |

# Cur i bhFeidhm eile

- Forálacha uile an Achta le cur i bhfeidhm ar bhonn céimiúil
- D’fhéadfaí feidhm a thabhairt do chuid díobh gan mhoill, cuid eile a bhfuil próiseas ar leith ag baint leo
- An Idirthréimhse: Moltar feidhmiú de réir an Achta chun am agus airgead a shábháil amach anseo

# Cur i bhFeidhm eile – ar lean

- Samplaí d'fhorálacha a bhféadfaí feidhm a thabhairt dóibh go sciobtha:
  - Oifigeach Sinsearach de chuid Comhlacht Poiblí le hainmniú chun críche an Achta
  - Breischumachtaí d'Oifig an Choimisinéara Teanga
  - An Coiste Logainmneacha a bhunú in ionad an Choimisiúin Logainmneacha

# Cur i bhFeidhm eile – ar lean

- Samplaí d’fhorálacha a bhfuil próiseas ar leith ag baint leo:

| Foráil | Próiseas |
|---|---|
| **Caighdeáin teanga in ionad scéimeanna teanga** | Próiseas comhairliúcháin sonrach luaite san Acht |
| **Córais TCF curtha in oiriúint le glacadh le hainmneacha & seoltaí i nGaeilge** | Am i gceist le córais a chur in oiriúint & treoirlínte le heisiúint |
| **Foirmeacha Oifigiúla** | Treoirlínte le heisiúint |
| **Lógónna Gaeilge nó dátheangacha ag Comhlachtaí Poiblí** | Treoirlínte le heisiúint |
| **Ainmneacha Comhlachtaí Poiblí nua-bhunaithe le bheith i nGaeilge** | Treoirlínte le heisiúint |

An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Ról na Roinne

# Ról na Roinne

- An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge
- An Plean Náisiúnta maidir le Soláthar Seirbhísí trí mheán na Gaeilge
- Cúrsaí Earcaíochta & Feachtas Feasachta
- Na Caighdeáin Teanga
- Treoirlínte a eisiúint i leith forálacha ar leith

# An Coiste Comhairleach

- **Bunaithe**: 20 Meitheamh 2022
- **Comhaltas an Choiste**, ionadaithe ó:
  - 3 eagras, luaite go sonrach san Acht:
    - an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán (Cathaoirleach)
    - an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
    - an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
  - 6 chomhlacht poiblí eile a chinn na hAirí a bhfuil lárnach don phróiseas:
    - An Roinn Coimirce Sóisialaí
    - An Roinn Oideachais
    - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
    - An Garda Síochána
    - An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
    - Foras na Gaeilge
  - Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta
  - Limistéir den Stát nach Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta iad.

# An Coiste Comhairleach

- **Feidhmeanna an Choiste**:
  - An Plean Náisiúnta a fhoilsiú roimh 19 Meitheamh 2024
  - Comhairle a thabhairt do chomhlachtaí poiblí maidir soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge
  - Cibé taighde a sheoladh/a choimisiúnú chun a chuid feidhmeanna a chur i gcrích
  - Suirbhé ar an leibhéal inniúlachta i nGaeilge sa chóras poiblí gach 5 bliana
  - Aird ar chuspóirí ar leith san Acht:
    - Seirbhísí trí mheán na Gaeilge a mhéadú – LPT, BS, LG
    - 20% d'earcaigh inniúil sa Ghaeilge faoin 31 Nollaig 2030
  - Tuarascáil Bhliantúil maidir lena chuid oibre a sholáthar don Aire agus don Choimisinéir

# An Plean Náisiúnta

- **Spriocanna sonracha** luaite san Acht:
  - **Spriocdháta**: Le foilsiú laistigh de dhá bhliain ó bhunú an Choiste i.e. 19 Meitheamh 2024
  - **Le sonrú ann**:
    - Seirbhísí a aithint chun críche na gcaighdeán teanga
    - Straitéisí a shonrú trína bhféadfadh comhlachtaí poiblí tabhairt faoi sheirbhísí breise a chur ar fáil trí Ghaeilge

# An Plean Náisiúnta

- Spriocanna i dtaca le feidhmeanna an Choiste:
  - **Inniúlacht Ghaeilge**
    - Comhairle maidir leis an líon agus grád foirne inniúil i nGaeilge a bhfuil gá leo chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge
    - Moltaí maidir leis an gcaoi a méadófar an líon foirne inniúil i nGaeilge
    - Comhairle maidir leis an leibhéal inniúlachta ar gá chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil
      - Creat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha

# An Plean Náisiúnta

- Spriocanna i dtaca le feidhmeanna an Choiste:
  - **Suirbhé ar Leibhéal Inniúlachta Gaeilge sa Chóras Poiblí**
    - an líon iomlán foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge
    - an líon iomlán foirne de chuid comhlachtaí poiblí a bhfuil cúrsa oiliúna Gaeilge déanta acu
    - an líon iomlán foirne de chuid comhlachtaí poiblí a labhraíonn Gaeilge san ionad oibre (mar chuid dá ndualgas nó eile) agus a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge

# An Plean Náisiúnta

- Spriocanna i dtaca le feidhmeanna an Choiste:
  - **Aird ar Chuspóirí ar leith**:
    - na seirbhísí a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí trí Ghaeilge a mhéadú, ag féachaint go háirithe ar chinn i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, i mBailte Seirbhíse Gaeltachta & i Líonraí Gaeilge
    - an líon foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge a mhéadú ionas go mbeidh, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030, 20% ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil amhlaidh

# An Plean Náisiúnta

- Mar thoradh ar an bPlean Náisiúnta:
  - **Spriocdhátaí le socrú ag an Aire**:
    - Gach seirbhís phoiblí sa Ghaeltacht agus don Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge
    - Gach oifig phoiblí sna Limistéir Pleanála Teanga ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge
  - Ar iarratas ón Aire (más ann dó), **tuarascáil le cur ar fáil** ag comhlachtaí poiblí maidir lena ndul chun cinn faoin bPlean Náisiúnta

# Cúrsaí Earcaíochta

- **Feachtas feasachta**:
    - Feachtas sna meáin faoi:
        - na deiseanna fostaíochta le Gaeilge san earnáil phoiblí
        - inaitheantacht cainteoirí Gaeilge dá chéile
    - Freastal ar Aontaí Gairmeacha/Earcaíochta
    - Cuairteanna Scoile
- **Tionscnaimh fhéideartha**:
    - Scéimeanna Píolótacha
    - Scoláireachtaí éagsúla
    - Tréimhsí Taithí Oibre

# Cúrsaí Earcaíochta

- **Cúrsaí Gaeilge**: Forbairt a dhéanamh ar na cúrsaí Gaeilge atá ar fáil d'oifigigh san earnáil phoiblí/státseirbhís
- **An Roinn** anseo chun:
  - tacú & cabhrú le comhlachtaí poiblí
  - a bheith oscailte agus sofhreagrach d'fhorbairtí
  - deiseanna eile nuálacha a aithint agus a thapú chun críche chur i  bhfeidhm an Achta
  - acmhainní foirne breise faighte sa Roinn i dtaca leis an méid thuas

# Na Caighdeáin Teanga

- **Caighdeáin teanga le teacht in áit chóras na scéimeanna teanga**:
  - Gach earnáil rialtais ar bhonn céimiúil
  - Ní féidir leibhéal níos lú seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil
  - Comhairliúchán leis na comhlachtaí ábhartha
  - Comhairliúchán leis an bpobal
  - Réamhthréimhse sula gcuirfear caighdeáin i bhfeidhm
  - Treoirlínte le foilsiú ag an Roinn

# Na Caighdeáin Teanga

- Rangú ar na Comhlachtaí Poiblí
- Dualgais ar chomhlachtaí poiblí le grádú lena léiriú:
    - go ndéanann siad idirghníomhú níos mó leis an bpobal
    - go ndéanann siad idirghníomhú níos mó le cainteoirí Gaeilge
    - go bhfuil siad lonnaithe laistigh de nó in aice le ceantar Gaeltachta
    - go gcuireann siad seirbhís ar fáil i nó do cheantar Gaeltachta
    - go bhfuil níos mó acmhainní ar fáil do chomhlachtaí ar leith

# Treoirlínte

- Na Caighdeáin Teanga
- Dualgas maidir le:
  - Ainmneacha, seoltaí agus teidil i nGaeilge – Córais TCF
  - Foirmeacha Oifigiúla
  - Lógónna
  - Ainmneacha agus lógónna comhlachtaí reachtúla nuabhunaithe

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Príomhcheisteanna don Roinn

# An Comhlacht Poiblí muid faoin Acht?

- **Céad Sceideal an Achta**:
  - Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
  - Rialacháin um ATO 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2006
  - Rialacháin um ATO 2003 (Comhlachtaí Poiblí), 2019
- **Nuashonrú**:
  - Faoi Alt 15 den Acht 2021: nuashonrú le déanamh ar an gCéad Sceideal gach re bhliain
  - Gach nuashonrú déanta i gcomhar leis na Ranna Rialtais
  - An chéad nuashonrú eile beartaithe in 2023

# An Comhlacht Poiblí muid faoin Acht?

- **Critéir Comhlachtaí Poiblí chun críche an Achta**:
  - 50%+ maoiniú Stáit
  - Comhlacht poiblí nuair a tháinig an tAcht i bhfeidhm ach faoi úinéireacht phríobháideach ó shin
  - Comhlíonadh feidhmeanna a bhí dílsithe roimhe sin do chomhlacht, eagraíocht nó grúpa faoi úinéireacht phoiblí nó rialú poiblí
  - Feidhmeanna i ndáil leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, tugtha nó ceadaithe dó le haon achtacháin nó le haon cheadúnas nó údarás tugtha faoi aon achtachán.

# An Comhlacht Poiblí muid faoin Acht?

- **Samplaí de Chomhlachtaí Poiblí**:
  - Ranna agus oifigí Rialtais
  - Údaráis áitiúla
  - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
  - Ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile & na Boird Oideachais & Oiliúna
  - Gníomhaireachtaí, boird agus cuideachtaí stáit (tráchtála agus neamhthráchtála)
- Go ginearálta, ní thagann comhlachtaí príobháideacha faoin Acht

# Cá thiocfar ar Sheirbhísí Aistriúcháin?

- **Foras na Gaeilge**: Liosta d'aistritheoirí creidiúnaithe (forasnagaeilge.ie)
- **Treoirlínte an OSR** a úsáid chun conradh ar théarma seasta a shocrú le comhlacht aistriúcháin
- **Creat-chomhaontuithe OSR**: Ann go hiondúil ach ar fionraí uathoibríoch faoi láthair
- **Féidearthachtaí Lárionad Aistriúcháin**: le cuimsiú mar chuid den obair ar an bPlean Náisiúnta

# An mbeidh Maoiniú breise ar fáil?

- Formhór na bhforálacha le cur i bhfeidhm mar chuid d'obair atá ar bun cheana féin seachas obair nua a chur sa tsiúl m.sh.:
  - Earcaíocht - daoine le Gaeilge a earcú mar chuid de sin
  - Fógraíocht - % den líon agus buiséad atá ann cheana
  - Athnuachan nó athrú ar lógónna
  - Ainmneacha & lógónna comhlachtaí nuabhunaithe

# An mbeidh Maoiniú breise ar fáil?

- Costais fhéideartha (má bhíonn gá leo):
  - Seirbhísí aistriúcháin go ginearálta
  - Córas TCF a chur in oiriúint
  - Foirmeacha Oifigiúla a chur in oiriúint & a athchló
- Costas breise le clúdach ó leithdháileadh na gcomhlachtaí poiblí féin

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Na Céad Céimeanna eile

# Na Céad Céimeanna eile

- Na **Cuir i Láthair** (An Roinn & OCT):
  - Cóipeanna le seoladh ag na rannpháirtithe
  - Cóipeanna le huaslódáil ar shuíomh na Roinne & OCT
  - Na taifid ar na Cuir i Láthair le huaslódáil ar an dá shuíomh freisin
- Cáipéis '**Ceisteanna Coitianta**', ag cuimsiú freagraí na gceisteanna uile ábhartha:
  - Cóip le seoladh ag na rannpháirtithe
  - Cóip le huaslódáil ar shuíomh na Roinne & OCT
- **Suíomh na Roinne** le coinneáil suas chun dáta agus mar áis úsáideach do chomhlachtaí poiblí

# Na Céad Céimeanna eile

- Béim ar bhealach cumarsáide oscailte:
  - An Roinn i dteagmháil arís le fógra a thabhairt maidir le tosach feidhme forálacha eile
  - Inbhosca sonrach le bheith ag comhlachtaí poiblí chun críche an Achta, bainistithe ag an leibhéal sinsearach cuí m.sh. ATO@<Ainm an Chomhlachta>.ie
  - Seimineáir Faisnéise eile le reáchtáil amach anseo de réir mar is gá
  - An Roinn ar fáil i gcónaí ag ATO@tcagsm.gov.ie

# Ról na Roinne v Ról OCT

- Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT):
  - Bunaithe faoin Acht 2003:
    - monatóireacht a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a ndualgas faoin Acht
    - gearáin ón bpobal a fhiosrú
    - comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir lena gcuid dualgas

# Ról na Roinne v Ról OCT

- **Fiosrúcháin chuig an Roinn** ar ATO@tcagsm.gov.ie maidir le:
  - Cúrsaí Earcaíochta
  - An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge
  - An Plean Náisiúnta maidir le Seirbhísí Gaeilge a mhéadú
  - Na Caighdeáin Teanga
  - Treoirlínte atá le heisiúint ag an Roinn faoin Acht
- **Fiosrúchán chuig OCT** ar eolas@coimisineir.ie maidir le:
  - Comhairle maidir leis na dualgais shonracha a thiteann ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht

An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Buíochas &
# Slán go fóill